



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
 State Examinations Commission  
**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**  
 Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

**S106/18**

**Do : Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí Amharc-Ealaíne na  
 Sraithe Sóisearaí i Scoileanna Dara Leibhéal agus do  
 Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

**Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Amharc-Ealaín – Achoimre ar Mheasúnacht  
 Rangbhunaithe 2 agus Measúnacht Dheiridh**

**Tarraing aird na múinteoirí ealaíne uile sa scoil don chiorclán seo le do thoil agus cuir cóip ar fáil freisin do bhaill bhord bainistíochta na scoile.**

Aimsigh faoi iamh le do thoil 10 gcóip d'achomre shamplach agus de shaotharleabhar samplach a ghabhann leis i gcomhair Mheasúnacht Rangbhunaithe 2 agus an Mheasúnacht Dheiridh d'Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí. Tugadh isteach an tsonraíocht ábhair d'Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí i 2017, agus scrúdófar é den chéad uair i 2020. Baineann an ciorclán seo leis an obair atá le críochnú don Amharc-Ealaín le linn an tríú bliain den tSraith Shóisearach. Tugann sé breac-chuntas ar na socrúithe maidir le dáileadh na n-ábhar a bhaineann leis i gcomhair scrúdaithe i 2020 ( 'An Mheasúnacht Dheiridh') agus cuireann sé eolas eile ar fáil maidir le déanamh na hoibre. Ba chóir é a léamh i bpáirtíocht leis an achoimre shamplach faoi iamh.

Ta sé i gceist go gcaithfidh mic léinn Amharc-Ealaíne mórán dá gcuid ama sa tríú bliain ag déanamh tionscadail. Ní mór an tionscadal seo a dhéanamh i ndá chéim le linn na bliana, ag tosú ar an Luan 9 Meán Fómhair 2019 nó ina dhiaidh sin. Is éard atá sa chéad chéim ná Measúnacht Rangbhunaithe 2, a gcuirfear críoch leis faoin Aoine 6 Nollaig 2019. Ní dhéanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnacht ar an obair don chéim seo. Cuirfear tús leis an dara céim, An Mheasúnacht Dheiridh ina dhaidh seo agus ba chóir go mbeadh sé críochnaithe faoi lár mhí na Bealtaine 2020. Eiseofar achoimre an tionscadail, a riailíonn an dá chéim agus a gcorpraítear na treoracha d'iarrthóirí, mar a léirítear sa sampla faoi iamh, ar an Luan 9 Meán Fómhair 2019 agus beidh sé le feiceáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit ar an lá sin. Agus Céim 1 ar siúl (Measúnacht Rangbhunaithe 2) leanfaidh mic léinn ar aghaidh ag taifeadeadh a gcuid oibre sna bloic sceitseála Amharc-Ealaíne a bhíodh in úsáid acu le linn na Sraithe Sóisearaí. I gcás Céim 2, An Mheasúnacht Dheiridh, a mharcálann Coimisiún na Scrúduithe Stáit, bainfidh siad úsáid as saotharleabhair a eisíonn an Coimisiún d'fhonn a gcuid oibre sa taighde agus forbairt a thaifeadadh amach anseo agus cuirfidh siad críoch le dhá dhéantúsán réadaithe chomh maith. Seolfar amach na saotharleabhair ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ionas go scoichfidh siad na scoileanna i lár mhí na Nollag 2019. Seolfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na clúdaigh dhosháraithe amach chuig na scoileanna agus na hábhair eile a theastaíonn chun an obair ealaíne críochnaithe a stóráil go sábháilte sa scoil, ag druidim leis an dáta deiridh i lár na Bealtaine 2020.

Táthar ag coinne nach dtabharfar an t-am ranga ar fad le haghaidh Amharc-Ealaíne do bheith ag obair go díreach ar an tionscadal i gCéim 1. Leanfaidh na mic léinn ag glacadh páirte I ngníomhaíochtaí foghlama a d'fhéadfadh a bheith neamhghaolmhar nó bainteach go hindíreach lena dtionscadail. Ní bhíonn a gcuid tuairimí maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na téamaí tionscadal agus na teicnící a d'fheadfaí a roghnú ach ag teacht chun cinn ag na bpointe seo. Os rud nach mbeidh líne shoiléir dhealaithe i gcónaí ann idir obair a bhaineann leis an tionscadal agus aon obair eile, ní thugtar aon treoir ar leith maidir leis an am ar chóir a thabhairt don tionscadal sa chéim seo.

I gCéim 2, a bhfuil baint aige leis an obair atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit le haghaidh measúnachta agus atá comhdhéanta den obair fhorbartha sa bhreis sa saotharleabhar agus déanamh na ndéantúsán réadaithe, moltar go gcaithfeadh na mic léinn thart ar 20 uair a chloig d'am ranga faoi mhaoirseacht d'fhonn an tionscadal a chríochnú. Táthar den tuairim go bhfuil gá leis an méid seo ama agus gur leor é freisin. Os rud é go bhfuil an t-am seo I bhfad níos giorra ná an t-am a bheadh ar an tráthchlár don ábhar thar an tréimhse i gceist cuirfidh sé solúbthacht ar fáil chun leanúint ar aghaidh le hobair eile thar tréimhse an tionscadail agus chomh maith leis sin ligfidh sé do dhúnadh scoile ó am go chéile nó d'aon chailliúint am ranga eile nach rabhtbas ag súil léi.

Cuirtear i gcuimhne duit, ar mhaithe le cothroime do na hiarrthóirí go léir, **nár chóir** aon am breise faoi mhaoirseacht lasmuigh den am ranga sa ghnáth tráthchlár a chur ar fáil ach amháin dá mbeadh tosca eisceachtúla i gceist a chuireann cosc ar an méid ama atá molta a bheith ar fáil le linn am ranga.

D'fhéadfadh tosca eisceachtúla dá leithéid bheith bainteach mar shampla le tinneas a chuireann cosc ar iarrthóir freastal ar scoil le haghaidh cuid mhaith de thréimhse an tionscadail. Ní mór iarratas a dhéanamh ar shíneadh an dáta chríochnaithe ar bhonn leighis chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus déileálfar le gach iarrthóir cás ar chás. D'fhéadfadh an t-iarrthóir an t-am a fháil chun na huaireanta don tionscadal a dhéanamh suas, más féidir leis an scoil a chur ar chumas an mhúinteora maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar an obair seo agus más féidir an obair a dheimhniú mar is cóir. Ní mór tacaíocht a thabhairt do neamhláithreachtaí an iarrthóra de bharr tinnis, le fianaise leighis (m.sh. teastas dochtúra) agus ní mór na socruithe malartacha a mholtar a bheith comhaontaithe roimh ré idir Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus údarás na scoile. Sna tosca seo ní mór an tionscadal a chríochnú chomh luath agus is féidir agus in aon chás ní mór é a chríochnú roimh an dáta a thosóidh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí.

I gcás nach féidir an obair a chríochnú fiú le socruithe athbhreithnithe dá leithéid, beidh sé dodhéanta aon chuid den tionscadal a tharscaoileadh nó a dhíolúnú. Mura ndéanann an mac léinn ach cuid den tionscadal, ansin bunófar na marcanna a fhaightear ar obair neamhchríochnaithe.

Mar a tharlaíonn i láthair na huaire d'Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh an Teastais Shóisearaigh, tabharfaidh scrúdaitheoir a cheapann Coimisiún na Scrúduithe Stáit cuairt ar an scoil i mí an Mheithimh gach bliain d'fhonn an Mheasúnacht Dheiridh a mharcáil.

Tá na socruithe fíordheimhnithe don tionscadal ar aon dul leo siúd le haghaidh obair chúrsa sna hábhair eile, mar a thugtar breac-chuntas orthu I gclár S68/08 agus S69/04 de chuid an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit. Seachas an méid a ndéantar soláthar air sna clár seo, cuirtear i gcuimhne duit, nach bhfuil obair tionscadail le fíordheimhniú d'aon mhac léinn nach ndéanann an tionscadal sin i ranganna faoi mhaoirseacht ar an tráthchlár i do scoil. Seachas na híomhánna a tógadh as príomhfhoinsí lasmuigh den seomra ranga, ní mór an obair ar fad don Mheasúnacht Dheiridh a dhéanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

Nuair a chuirfear críoch leis an tionscadal i lár na Bealtaine, ní mór an obair tionscadail ar fad a chur i stóras sábháilte go dtí go dtugann scrúdaitheoir an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit cuairt ar an scoil le linn an Mheithimh chun é a mharcáil. Caithfear leanúint leis an stóras sábháilte sa scoil go gcuirfear críoch leis an bpróiseas achomhairc.

Tugtar achoimre ar na hamlínte a ndéantar cur síos orthu thuas sa tábla thíos anseo.

| Eachtra  | Dáta                            |
|--|---------------------------------|
| Eisíonn CSS achoimre tionscadail do CBA2 agus Measúnacht Dheiridh  | 9 Meán Fómhair 2019             |
| Cuireann mic léinn tús leis an obair ar Chéim 1 den tionscadal (=CBA2)   | ó 9 Meán Fómhair 2019           |
| Críochnaíonn mic léinn obair le haghaidh CBA2  | 6 Nollaig 2019                  |
| Eisíonn CSS saotharleabhair do Chéim 2   | Lár Nollag 2019                 |
| Críochnaíonn mic léinn ' Foirm Cumarsáide agus Machnaimh' agus tosaíonn siad ag obair ar Chéim 2                                   | ó Lár Nollag 2019               |
| Eisíonn CSS ábhair le haghaidh obair an iarrthóra a stóráil go sábháilte   | go luath i mí na Bealtaine 2020 |
| Dáta críochnaithe don tionscadal; cuireann scoileanna obair chríochnaithe an iarrthóra i stóras sábháilte                          | lár na Bealtaine 2020           |
| Tugann scrúdaitheoir CSS cuairt ar an scoil chun an obair a mharcáil   | Meitheamh 2020                  |
| Próiseas achomhairc déanta; tagann deireadh leis an tréimhse stórála sábháilte; tugann an scoil an obair ar ais do na hiarrthóirí. | 30 Samhain 2020                 |

### Eolas Breise don Mhúinteoir Ealaíne

Sula léitear an t-eolas thíos anseo, léigh an achoimre shamplach le do thoil.

- Tá saotharleabhar an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit ceaptha chun forbairt bhreise an iarrthóra a ghabháil tar éis dóibh Measúnacht Rangbhunaithe 2 a chríochnú. Caithfidh an obair sa saotharleabhar seo an líníocht bhreathnaitheach, anailíseach i réimse meán a léiriú. Tig le mic léinn, más gá, staidéir a dhéanamh ar fhótagraif lasmuigh den seomra ranga agus iad a chur isteach ina saotharleabhar chun obair ó na bunfhoinsí a éascú. Mar mhúinteoir, caithfidh tú a bheith ábalta iad san a dhfíordheimhniú mar obair an iarrthóra féin. Is éard atá i gceist leis seo ná dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar obair gach iarrthóra aonair agus a bheith sásta ionat féin go bhfuil caighdeán, stíl agus cáilíocht aon oibre nach raibh déanta nuair a bhí tú i láthair, i gcomhréir leis an obair a chonaic tú á déanamh ag an iarrthóir.
- Is féidir le samplaí den obair thrialach a rinne iarrthóirí sa seomra ealaíne le linn an tionscadail a bheith istigh sa saotharleabhar, greamanna bróidneireachta ar fhabraic, comhghléasanna de dhathanna, tástálacha uigeachtaí, turgnaimh ar bhunanna éagsúla, a gcuid fótagraf féin, gabhálacha scáileáin dá gcuid oibre ag forbairt, asphriontaí dá gcuid bunábhar, a nótaí scríofa féin agus a leithéid. Ba chóir go mbeadh na samplaí a ghabhann leis (bunanna agus obair thrialach srl.) sách beag chun dóthain spáis a ligint le hobair go díreach ar an saotharleabhar. Ní ligtear d'iarrthóirí an spás oibre atá ann a mhéadú trí leathanaigh bhreise a chur leis.

Tá ról agat mar mhúinteoir, ní hamháin chun treoir agus tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí i ndéanamh a gcuid oibre, ach chun maoirseacht a dhéanamh air chomh maith sa chaoi gur féidir leat é a fhíordheimhniú mar léiriú dairíre ar phróisis chruthaitheacha na n-iarrthóirí féin. Ní mór duit an cathú a sheachaint le bheith ró-dhíríteach sa treoir a thugann tú mar is féidir leis sin inniúlacht na n-iarrthóirí a lagú d'fonn a scileanna cruthaitheacha a thaispeáint agus a léiriú conas mar a dhéanann siad forbairt ar a saothar féin. Má thugann scrúdaitheoir faoi deara go bhfuil saothar na n-iarrthóirí éagsúla sa ghrúpa céanna tar éis taisteal i dtreoanna an- chosúil lena chéile, tugann sé sin le tuiscint go raibh easpa cruthaitheachta I gcás na n-iarrthóirí nó go raibh cur chuig ró-dhíríteach ag an múinteoir. Pé scéal é, bíonn deacracht ag an scrúdaitheoir fianaise de ghnéithe tábhachtacha na hoibre atá faoi mheasúnú a fheiceáil agus dá réir cuireann sé cosc ar iarrthóirí na marcanna a bhaint amach a d'fhéadfadh a bheith acu

- Caithfear na **déantúsáin réadaithe** a bheith bunaithe ar an eolas amhairc agus scríofa curtha i dtoll a chéile sa saotharleabhar.
- Tosaíonn an saotharleabhar leis an bhfoirm comhlíonta, **Foirm Cumarsáide agus Machnaimh**. Is éard atá ann ná nasc idir Measúnacht Rangbhunaithe 2 agus An Mheasúnacht Dheiridh. Caithfidh na

hiarrthóirí an fhoirm seo a líonadh amach agus caithfidh sé a bheith bunaithe ar obair an iarrthóra féin. Is é sin an chéad chéim sa dara cuid den tionscadal agus baineann tábhacht leis mar is éard atá san eolas atá gafa san fhoirm seo ná plean faoi dhul chun cinn na hoibre.

- Taispeánfaidh **Bileog na dTionchar** conas mar a bhíonn an staidéar a dhéanann an t-iarrthóir ar chultúr físiúil agus stairiúil na linne faisnéiseach agus bainteach lena chuid oibre. I féidir leo teacht as réimse leathan spreagthaí amhairc agúis is féidir áireamh iontu mar shampla, tagairtí don chur chuige, teicnící, modhanna, idéanna nó teachtaireachtaí amhairc eile. Ba chóir go mbeadh obair a bhaineann leis an dá dhéantúsán réadaithe san áireamh ar Bhileog na dTionchar. **Níor chóir** go mbeifí ag súil go gcríochnódh iarrthóirí an bhileog seo ina hiomláine sula mbogann siad ar aghaidh sa saotharleabhar. Ba chóir dóibh tosú ag obair air ó thosach Céim 2 ach leanfaidh siad leo ag tagairt dó agus ag cur leis fad a dhéanann siad forbairt ar a gcuid idéanna, os rud é gur dócha go dtiocfaidh tionchair nua chun cinn as an bforbairt ina gcuid oibre.
- Tá trí shnáithe san Amharc-Ealaín: Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh. Thar tréimhse na Sraithe Sóisearaí caithfidh iarrthóirí saothar a dhéanamh trí gach uile shnáithe. Beidh Measúnacht Rangbhunaithe 1 déanta cheana féin ag iarrthóirí i gceann amháin de na snáitheanna seo. Maidir leis na déantúsáin a fhorbraíonn agus a dhéanann na hiarrthóirí don Mheasúnacht Dheiridh **caithfear** iad san a dhéanamh tríd an dá shnáithe eile. Chomh maith leis sin, mura ndéanann iarrthóir obair sna trí dhimínsean do Mheasúnacht Rangbhunaithe 1 beidh orthu déantúsán amháin ar a laghad a dhéanamh don Mheasúnacht Dheiridh sna trí dhimínsean. Caithfear an méid sin a mhíniú go soiléir d'iarrthóirí agus caithfear an riachtanas seo a chur i gcuimhne dóibh díreach mar a théann an obair chun cinn. Is gá d'iarrthóirí a thaispeáint ar an bhfoirm *Cumarsáide agus Machnaimh* sa saotharleabhar cén snáithe a rinne siad do Mheasúnacht Rangbhunaithe 1 agus cé acu an raibh a gcuid oibre don mheasúnacht sin déanta sna trí dhimínsean. Caithfidh tú dul i gcomhairle le do thuiriscí féin ó Mheasúnacht Rangbhunaithe 1, mar nuair a fhíordheimhníonn tú obair na n-iarrthóirí le cur faoi bhráid an Choimisiúin um Scrúduithe Stáit, i measc rudaí eile dearbhaíonn tú go bhfuil an t-eolas a thug siad maidir leis sin beacht cruinn.

Beartaíonn an cúrsa Amharc-Ealaín sa tSraith Shóisearach go bhfaigheadh iarrthóirí réimse leathan taithí agus scileanna bunaithe ar an ealaín. Ba chóir go dtaispeánfadh iarrthóirí éagsúlacht a dtaithe trí na déantúsáin réadaithe a chur i láthair i ndá *réimse cleachtais* éagsúla. Cé go luaitear réimse leathan cleachtais san achoimre, níl aon liosta uileghabhálach ann. Fad a bhaineann roinnt réimsí cleachtais go nádúrtha le ceann amháin de na trí shnáithe sonraíochta, tá réimsí eile ann a d'fhéadfadh a bheith ábhartha le níos mó ná snáithe amháin. Dá réir sin d'fhéadfadh iarrthóir amháin píosa seodra a dhéanamh, mar shampla, trí shnáithe na ceirde, fad a dhéanadh duine eile píosa seodra trí shnáithe an dearaidh. Má thugann aon iarrthóir amháin píosa seodra suas mar dhéantúsán a rinneadh trí shnáithe na ceirde, áfach, agus píosa eile seodra mar dhéantúsán trí shnáithe an dearaidh, ní thaispeánfadh a leithéid go leor fairsinge taithí. Ní scórálfadh iarrthóir dá leithéid chomh maith leis an duine a chuireann déantúsán I láthair I ndá réimse dhifriúla den chleachtas mar is gá.

Os rud é nach mór an obair ar fad – seachas líon teoranta staidéar agus/nó fótagraf – a dhéanamh go díreach faoi do mhaoirseacht, níl cead ag iarrthóirí ach na hábhair agus trealamh atá ar fáil sa scoil a úsáid i gcomhair a gcuid oibre in Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí. Ma thagann scrúdaitheoir ar fhianaise gur baineadh úsáid as trealamh nó ábhar nach bhfuil ar fáil sa scoil, déanfar é sin a fhiosrú mar bhriseadh na rialachán a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Gach bliain caithfidh gach scoil a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit cé na réimsí cleachtais a dhéantar sa scoil, is é sin cé na cineálacha déantúsán a bhíonn á ndéanamh ag na hiarrthóirí. Tabharfaidh sé sin tacaíocht don phróiseas marcála mar ligfidh sé don Choimisiún a dheimhniú go bhfuil saineolas dóthanach sna réimsí i gceist ag an scrúdaitheoir a thugann cuairt ar an scoil chun an obair a mharcáil i gceart. Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit foirm nach mór duit féin agus na húdaráis scoile a chomhlíonadh agus a aischur.

- Níor chóir go mbeadh obair iarrthóra somheata agus ba chóir go mbeadh sé sách láidir le cinntiú go mbeidh sé slán sábháilte don phróiseas scrúdaithe agus achomhairc. Os rud é go mbeidh iarrthóirí ann nach dtuigeann go hiomlán impleachtaí an riachtanais seo , ba chóir duit a bheith san airdeall maidir leis na hábhair a bheartaíonn na mic léinn a úsáid agus ba chóir duit a n-aird a tharraingt ar aon fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- Ní mór na déantúsáin dhigiteacha ar fad a ghiniúint faoi do mhaoirseacht, ag baint úsáide as an trealamh agus ábhair atá ar fáil sa scoil. Ní mór na déantúsáin a ghintear go digiteach a phriontáil amach le cur isteach le haghaidh marcála. (seachas físeanna nó a leithéid). Mar shampla, d'fhéadfadh déantúsáin ar nós póstaer, clúdaigh irisleabhar a gineadh trí mheán digiteach teacht as réimse cleachtais an dearaidh ghrafaic mar shampla. Ní mór iad san a phriontáil amach le haghaidh marcála. Na déantúsáin a gineadh go digiteach agus nach n-oireann don phriontáil mar tá íomhánna gluaiseacha bainteach leo, ní mór iad a athrú go físeán MP4 agus ní mór iad a chur ar fáil le haghaidh féachana ar ríomhaire scoile nó ar ghléas eile scoile le scáileán sách mór agus le cáilíocht sách maith chun fáil isteach air i gceart.
- I ndiaidh dáta dúnta an tionscadail b'fhéidir nach mbeidh tú ábalta déantúsán digiteach a fháil go díreach ar an gcaoi chéanna mar a fhaigheann tú déantúsáin neamhdhigiteach dá dhiminsean agus trí dhiminsean. Is é sin má chuireann líon áirithe iarrthóirí obair dá leithéid isteach, b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta gach déantúsán digiteach a chur ar ghléas ar leith agus go mbeadh na gléasanna sin slán mar ní bhíonn siad ar fáil le haghaidh aon úsáid eile sa scoil ansin. I gcásanna dá leithéid beidh ort socruithe malarthacha a dhéanamh le cinntiú go bhfuil siad slán sábháilte. Mar shampla d'fhéadfá socrú a dhéanamh go sábhálfar príomhchóip agus cóip chúltaca de gach déantúsán digiteach ar mheán inaistrithe ( méaróg chuimhne, CD/DVD/ cárta SD srl.) agus go gcoimeádfar na meáin seo go slán sa scoil. Caithfidh socrú a bheith ann nach mbeidh rochtain ar an obair ag aon iarrthóir nó ag aon duine neamhúdairithe eile agus ba chóir freisin go ndéanfaí na cóipeanna cúltaca a stóráil ar mheán ar leith seachas na príomhchóipeanna. Chomh maith leis sin beidh ort freagracht a ghlacadh as aisghabháil na ndéantúsán seo agus go lódálfar iad ar an trealamh ar a bhféachfaidh an scrúdaitheoir orthu. Ina theannta sin cé nár chóir duit a bheith i láthair nuair a dhéanann scrúdaitheoirí a gcuid oibre, ba chóir go mbeifeá féin nó duine eile le saineolas go leor ar fáil sa scoil i gcás go dteipfeadh ar threalamh nó i gcás deacrachtaí maidir le teacht ar chomhad físeáin de chuid iarrthóra ar leith.

Má bhíonn ceist ar bith eile agat maidir leis an gclár seo, cuir ríomhphost le do thoil chuig [practicals@examinations.ie](mailto:practicals@examinations.ie).

**Michelle Hanafee**  
**Ardoifigeach Feidhmiúcháin**  
**Nollaig 2018**